



Coimisiún
na Meán

Scéim Tuairiscithe Nuachta

Dáta foilsithe: 15 Lúnasa, 2025

Spriocdháta iarratais: 23 Meán Fómhair, 2025

Tá achoimre ar an **Scéim Tuairiscithe Nuachta** sa dhoiciméad seo, lena n-áirítear:

1. Cuspóirí na scéime;
2. Paraiméadair na scéime; agus
3. An chaoi a n-oibreoidh sé.

Clár Ábhar

Réamhaiste	4
1. Réamhrá	5
2. Ról an Choimisiúin	5
2.1 Ról an Choimisiúin	5
2.2 Comhthéacs Reachtúil don Scéim Tuairiscithe Nuachta	5
2.3 Sainmhíniú ar Iriseoireacht ar mhaithe le Leas an Phobail	6
2.4 Cuspóirí na Scéime	6
2.5 Cur Chuige An Choimisiúin i leith Cur Chun Feidhme Scéimeanna Maoinithe	7
3. Scóip na Scéime Thuairiscithe Nuachta	7
3.1 Iriseoireacht ar Leas an Phobail	7
3.2 Ábhar	7
3.3 Critéir Incháilithe	8
3.4 Rochtain Phoiblí ar Chláir Maoinithe	9
4. Maoiniú	9
4.1 Leithdháileadh Cistí laistigh den Scéim Tuairiscithe Nuachta	9
4.2 Cineálacha Deontas	10
4.3 Oibleagáidí faoi Rialacha an AE maidir le Státchabhair	10
4.4 Babhtaí Maoinithe	10
4.5 Admháil Maoiniú	10
5. Iarratas, Measúnú agus Dámhachtainí	11
5.1 An Próiseas Iarratais	11
5.2 An Próiseas Measúnaithe	11
5.3 Próiseas na Dámhachtana	11





Réamhaiste

Tá Coimisiún na Meán (“An Coimisiún”), coimisiún na hÉireann chun craoltóirí, na meáin ar líne a rialáil agus chun tacú le forbairt na meán, tiomanta do thírdhreach meán atá rathúil, éagsúil agus cruthaitheach a chinntiú. De bhreis ar a fheidhm Forbartha Meán, forbraíonn agus oibríonn An Coimisiún scéimeanna maoinithe chun tacú le hábhar a chruthú do lucht féachana na hÉireann a léiríonn agus a mhúnláíonn sochaí na hÉireann, agus a bhfuil sé mar aidhm aige tacú le hearnáil na meán agus a hionannas a neartú.

I dtuarascáil an Choimisiúin um Thodhchaí na Meán (FOMC), aithníodh “an ról ríthábhachtach agus luachmhar atá ag earnáil láidir, neamhspleách na meán i saol sibhialta agus cultúrtha na hÉireann agus san ord daonlathach”.

Is é aidhm fhoriomlán mholtaí an FOMC tacú le raon scéimeanna maoinithe do Sholáthraithe Ábhar Seirbhíse Poiblí ar bhonn céimnithe, lena n-áirítear:

- Scéim Tuairiscithe Daonlathais Áitiúil;
- Scéim Tuairiscithe na gCúirteanna;
- Scéim Tuairiscithe Nuachta;
- Tacaíocht don Chlaonlú Digiteach;
- Scéim Rochtana agus Oiliúna agus,
- Scéim na Meán Pobail.

Sa chomhthéacs seo, agus i ndiaidh bhunú na Scéimeanna Tuairiscithe Daonlathais Áitiúil agus Scéimeanna Tuairiscithe na gCúirteanna, is í an Scéim Tuairiscithe Nuachta an chéad cheann eile a fhorbrófar.

Mhol Tuarascáil FOMC go mbeadh bunú a leithéid de Scéim Thuairiscithe Nuachta “...dírithe ar thacú le hiriseoireacht leasa poiblí a thuairisciú ar chúrsaí leasa poiblí nach ndéantar an oiread sin tuairisce orthu, nó atá i mbaol go ndéanfar neamhfhóráil orthu.”

Tá an Scéim á bunú ar bhonn riaracháin agus tá na paraiméadair leathana bunaithe ar mholtaí an FOMC.

Mar atá leagtha amach, is é cuspóir na Scéime Tuairiscithe Nuachta, atá neodrach ó thaobh ardáin de, tacaíocht a chur ar fáil chun **ábhar** ar mhaithe le leas an phobail a tháirgeadh nach bhforáiltear go substaintiúil dó faoi láthair. Tá an Scéim dírithe ar ábhar agus téamach, agus tacaídh sí le hábhar tuairiscithe nuachta **breise** ar raon leathan topaicí, ar bhonn náisiúnta.

Tacaídh sé le bearta chun cabhrú le soláthraithe seirbhísí meán píosáí nó sraitheanna fócais dhomhain a dhéanamh ar raon leathan saincheisteanna nuachta nach bhfuil clúdaithe go mion faoi láthair, ach níl sé teoranta dóibh sin amháin.

Faoin Scéim, spreagtar ábhar trasardáin agus tionscadail chomhoibríocha le soláthraithe seirbhíse meán eile.



1. Réamhrá

Is scéim tacaíochta iriseoireachta í an Scéim Tuairiscithe Nuachta (“an Scéim”) a fheidhmíonn Coimisiún na Meán (“An Coimisiún”) agus a mhaoinítear tríd an Státchiste.

Is é príomhchuspóir na Scéime seo tacaíocht agus neartú a thabhairt do ról ríthábhachtach soláthraithe seirbhísí meán i dtuairiscíú ar ábhair nuachta nach bhfuil soláthar suntasach orthu faoi láthair, nó atá i mbaol nach mbeidh soláthar leordhóthanach orthu.

Sa chomhthéacs seo, tá sé d’aidhm aige tacú le hiriseoireacht leasa phoiblí inrochtana ar ardchaighdeán a chruthú ag iriseoirí oilte, agus ar an gcaoi sin feabhas a chur ar an rochtain atá ag saoránaigh na hÉireann ar fhaisnéis iontaofa ardcháilíochta maidir le cúrsaí nuachta.

Seo an chéad leagan den Scéim, ar ciste iniomaíochta é.

Leagtar amach sa doiciméad seo príomhghnéithe na Scéime maidir le ról an Choimisiúin, na cuspóirí, an scóip, an maoiniú atá ar fáil agus na próisis oibriúcháin. Foilseoidh An Coimisiún doiciméid tacaíochta d’iarratasóirí féideartha ar bhabhtáí maoinithe agus ar aon bhearta forbartha gaolmhara go rialta thar shaolré na Scéime.

De bhreis ar ghealltanais a tugadh i mBuiséad 2025 agus i gClár an Rialtais chun tacú le soláthar nuachta agus cúrsaí reatha i raidió neamhspleách agus chun aitheantas a thabhairt do ról na hearnála seo, tá €3m breise leithdháilte ag an Aire Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt, Pádraig Ó Donnabháin TD, ar an Scéim Tuairiscithe Nuachta le cur ar leataobh d’iarratasóirí raidió tráchtála.

Fágann sé sin go bhfuil €4m san iomlán leithdháilte don Scéim Tuairiscithe Nuachta.

2. Ról an Choimisiúin

2.1 Ról an Choimisiúin

Tá an Coimisiún freagrach as bainistiú na Scéime, lena n-áirítear rialachas corparáideach agus eisíocaíocht na gcistí. Clúdaíonn an maoiniú a leithdháiltear riarachán na Scéime agus deontais mhaoinithe araon.

Cuirfear an scéim i bhfeidhm de réir na Rialacha um Chúnamh Stáit agus mar atá leagtha amach sa Chinneadh ón gCoimisiún Eorpach an 20 Nollaig 2012, ní leithdháilfear an maoiniú ach ar thionscadail a sholáthróidh ábhar seirbhíse poiblí a thacóidh le hiriseoireacht leasa phoiblí d’éagsúlacht lucht féachana agus éisteachta na hÉireann, lena n-áirítear i nGaeilge, agus ar an gcaoi sin a chomhlíonfaidh oibleagáidí seirbhíse poiblí na scéime.

2.2 Comhthéacs Reachtúil don Scéim Tuairiscithe Nuachta

Le hAlt 7(5)(b) de na hAchtanna um Chraolachán agus Rialáil Eile na Meán 2009 & 2022, tugtar de chumhacht don Aire Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt socruithe a dhéanamh leis an gCoimisiún chun



scéimeanna a chur ar bun chun 'soláthar nuachta agus tráchteaireachta ar chúrsaí reatha atá ar ardchaighdeán, éagsúil agus nuálach a spreagadh'.

Sa chomhthéacs seo, ullmhóidh an Coimisiún scéim chun cistí a dheonú chun tacú le tuairisciú ar chúrsaí nuachta nach bhfuil soláthar substaintiúil déanta dóibh faoi láthair, nó atá i mbaol easpa soláthar, agus cuirfidh sé faoi bhráid an Aire í.

Is chun clúdach méadaithe sna meáin chumarsáide a fháil ar nuacht nach dtuairiscítear go leordhóthanach faoi shaincheisteanna leasa an phobail atá an tacaíocht mhaoinithe seo dírithe go príomha ar nuacht atá ar fáil do chách, agus ar nuacht nach dtuairiscítear go leordhóthanach í.

Sa chomhthéacs sin, i mBuiséad 2022, leithdháileadh €10 milliún don dara leagan de na Scéimeanna um Thuairisciú Daonlathais Áitiúil agus Cúirteanna agus chun dhá scéim nua a bhunú, Tuairisciú Nuachta agus Claochlú Digiteach, agus €1m tiomnaithe don Scéim um Thuairisciú Nuachta.

Faoi réir cheadú an Aire Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt, féadfar €3m breise de mhaoiniú a leithdháileadh ar an Scéim Tuairiscithe Nuachta, a bheidh curtha ar leataobh d'iarraíais ó raidió tráchtála.

Cuirfear an scéim i bhfeidhm i gcomhréir le Rialacha Cúnaimh Stáit agus mar atá leagtha amach i gCinneadh an Choimisiúin Eorpaigh an 20 Nollaig 20112, ní leithdháilfear an maoiniú ach ar thionscadail a sholáthróidh ábhar seirbhíse poiblí a thacaíonn le hiriseoireacht leasa poiblí do lucht féachana éagsúil in Éirinn, lena n-áirítear i nGaeilge.

2.3 Sainmhíniú ar Iriseoireacht ar mhaithe le Leas an Phobail

Is é an sainmhíniú ar Iriseoireacht ar mhaithe le Leas an Phobail chun críocha na Scéime seo ná 'iriseoireacht arb é is príomhchuspóir di saincheisteanna a bhfuil tábhacht poiblí ag baint leo a thaifeadadh, a imscrúdú agus a mhíniú chun saoránaigh a spreagadh chun páirt a ghlacadh i ndíospóireacht poiblí agus chun bonn eolais a chur faoin gcinnteoireacht dhaonlathach ar gach leibhéal rialtais'.

2.4 Cuspóirí na Scéime

Is iad seo a leanas cuspóirí na Scéime:

- **Tuairisciú Nuachta:** tacaíocht a sholáthar do tháirgeadh ábhair leasa poiblí ar chúrsaí nuachta nach bhfuil clúdach suntasach orthu faoi láthair agus feabhas a chur air agus a fheabhsóidh eolas agus tuiscint na saoránach ar chúrsaí áitiúla agus náisiúnta.
- **Cáilíocht:** tacú le hiriseoireacht ardcháilíochta, neamhspleách, iontaofa ar mhaithe le leas an phobail i réimse an tuairiscithe nuachta agus na ngnóthaí poiblí, atá cruinn agus cothrom, go háirithe tráth a bhfuil méadú ag teacht ar mhífhaisnéis agus ar mhífhaisnéis
- **Ilghnéitheacht:** tacú le cruthú iriseoireachta ar leasa an phobail ó fhoinsí éagsúla agus an méid sin a mhéadú.
- **An Ghaeilge:** tacaíocht a thabhairt don iriseoireacht seo i nGaeilge.
- **Breisíocht:** infhaighteacht iriseoireachta atá cruinn agus cothrom ar mhaithe le leas an phobail a mhéadú sa réimse tuairiscithe nuachta
- **Inscne, Comhionannas, Cuimsiú agus Éagsúlacht:** iriseoireacht ar mhaithe le leas an phobail a fhorbairt atá éagsúil, inrochtana, cuimsitheach agus ionadaíoch go cuí ar Éirinn chomhaimseartha.



- **Na Meáin Áitiúla:** earnáil meán áitiúil atá láidir agus inbhuanaithe agus comhar ar fud soláthraithe seirbhíse meán agus ar fud ardán a chothú agus a spreagadh
- **Inbhuanaitheacht Comhshaoil:** tacú le dea-chleachtas i réimse na hinbhuanaitheachta agus é a spreagadh.

2.5 Cur Chuige An Choimisiúin i leith Cur Chun Feidhme Scéimeanna Maoinithe

Tá bunluachanna ann atá mar bhonn agus mar thaca ag cur chuige an Choimisiúin maidir le scéim a oibriú. Tá sé d'oibleagáid ar an gCoimisiún:

- Cothrom – inár bpróisis, ár nósanna imeachta agus ár gcinntí
- Neamhspleách – ag feidhmiú go neamhchlaonta
- Saineolach – trí eolas a chur orainn féin trí rannpháirtíocht, taighde agus tiomantas do fhoghlaim ghairmiúil
- Cuntasach – inár gcinntí, inár rialachas agus inár n-acmhainní.

3. Scóip na Scéime Thuairiscithe Nuachta

3.1 Iriseoireacht ar Leas an Phobail

Is é príomhaidhm na Scéime Tuairiscithe Nuachta tuairisciú nuachta cuimsitheach, gairmiúil agus a bhfuil rochtain ag an bpobal air a mhaoiniú ar ábhair nach ndéantar soláthar leordhóthanach dóibh faoi láthair nó atá i mbaol a leithéid. Dá mhéad a bheidh rochtain ag an bpobal ar raon leathan tuairiscithe nuachta ar ardchaighdeán, is ar chúrsaí poiblí a bheidh na saoránaigh níos eolaí.

Tacóidh an Scéim Tuairiscithe Nuachta le tuairisciú nuachta ar bhonn neodrach ó thaobh ardáin de atá sa bhreis ar an méid atá á chumhdach faoi láthair agus a chomhlíonann na ceanglais, i dtéarmaí caighdeán agus infhaighteachta, lena n-áirítear lena n-athúsáid. (Féach Roinn 3.3 Critéir Incháilithe thíos).

Tá sé mar aidhm ag an Scéim Tuairiscithe Nuachta tacú le **hábhar** trí chur chuige téamach a úsáid.

3.2 Ábhar

Tar éis dul i gcomhairle le soláthraithe seirbhísí meán, ionadaíochtaí eile agus de bhun taighde, cuirfidh an Scéim Tuairiscithe Nuachta tacaíocht mhaoinithe ar fáil chun iriseoireacht bhreise ardchaighdeán a chruthú a bheidh dírithe ar leas an phobail ar na nithe seo a leanas:

- Ábhair nuachta atá tearcthuairiscithe go substaintiúil nó atá i mbaol a bheith tearcthuairiscithe ar bhonn náisiúnta agus réigiúnach.
D'fhéadfadh sé seo tuairisciú a áireamh ar chúrsaí amhail tionchar na beartais poiblí; saincheisteanna a mbíonn tionchar acu ar phobail thuaithe; iompar; ábhar a ardaíonn feasacht agus tuiscint an phobail ar shaincheisteanna AE agus domhanda a mbíonn tionchar acu ar Éirinn; inbhuanaitheacht; imirce; grúpaí imeallaithe; saincheisteanna cúrsaí sóisialta agus cultúrtha le fócas nuachta.



- Téamaí/saincheisteanna ar leith a thagann faoin raon seo.
- Tionscadail chun cúrsaí nuachta a imscrúdú/aird a tharraingt orthu nach dtuairiscítear, mar gheall ar shrianta airgeadais nó srianta eile, in oibríochtaí laethúla asraonta nuachta;
- Ábhar nó tionscadail a chuireann i gcoinne mífhaisnéise agus bréagaisnéise i réimse an tuairiscithe nuachta agus/nó a chuireann i gcoinne seachaint nuachta.

Beidh ar iarratasóirí a mhíniú cén fáth nach bhfuil mórán tuairiscithe ar a dtopaic nó cén fáth go bhfuil baol ann go ndéanfar amhlaidh.

3.3 Critéir Incháilithe

Féadfaidh soláthraithe seirbhíse meán nuachta agus cúrsaí reatha, nach mór dóibh a bheith **ina n-eintitis rialáilte tráth an iarratais, nó saoiriseoir i gcomhpháirtíocht le soláthraí seirbhíse meán** densórt sin, iarratais a chur isteach ar an Scéim Tuairiscithe Nuachta. Leagtar síos leis na critéir incháilitheachta na híoschaighdeáin nach mór a bhaint amach chun a bheith incháilithe chun iarratas a dhéanamh ar chistiú.

a) Caighdeáin Ardchaighdeáin

Ní mhaoineoidh an Coimisiún ach cruthú iriseoireachta ar mhaithe le leas an phobail a léiríonn saineolas eagarthóireachta iomchuí, cumas agus cuntas teiste agus ballraíocht i gComhairle Preasa na hÉireann (ardáin chlóite agus ar líne) nó cloí le caighdeáin agus Cóid Chleachtais ábhartha an Choimisiúin (seirbhísí craolacháin) nó comhlachtaí rialála AE comhchosúla eile de chuid soláthraithe seirbhíse meán.

b) Gealltanas Iriseoireachta ar mhaithe le Leas an Phobail

Beidh an Coimisiún ag súil go léireoidh iarratasóir cuntas teiste, nó plan, maidir le tiomantas leanúnach do thuairisciú nuachta agus d'iriseoireacht ar mhaithe le leas an phobail agus go léireoidh sé modh chun an iriseoireacht sin a dháileadh ar an lucht féachana/éisteachta beartaithe.

Leithdháilfear deontais ar bhonn náisiúnta trí bhabhta maoinithe oscailte inchoimhlinte.

Déanfar machnamh cuí ar chruthú agus dáileadh iriseoireachta ar leasa an phobail i nGaeilge.

c) Ar fáil gan bhac do phobal na hÉireann

Ní mór gach ábhar maoinithe a chur ar fáil d'eagraíochtaí meán eile agus do phobal na hÉireann saor in aisce tráth nach déanaí ná seacht (7) lá tar éis don deontaí aon ábhar maoinithe a fhoilsiú, nó níos luaithe más mian leis an deontaí é, agus é a uaslódáil chuig tairseach lárnach, a oibrítear thar ceann an Choimisiúin.

Cuirfidh an Coimisiún treoir agus tacaíochtaí eile ar fáil d'úsáideoirí, lena n-áirítear na caighdeáin agus na ceanglais maidir le hábhar a chur isteach, chuig an mol lárnach.

I gcásanna ina ngearrann deontaí muirir ar rochtain ar ábhar ar a sheirbhís, amhail táille nó muirear síntiúis, ní mór don deontaí a chinntiú go bhfuil ábhar arna mhaoiniú ag an Scéim ar fáil go comhuaineach ar sheirbhís den sórt sin saor in aisce.

d) Ar fáil gan bhac le haghaidh Athúsáide agus / nó Dáileadh

Ceadófar do dheontaí úinéireacht agus cóipcheart a bheith aige nó aici ar ábhar maoinithe a tháirgtear mar chuid den Scéim ar feadh tréimhse seacht lá amháin, agus ina dhiaidh sin ní mór an t-ábhar a uaslódáil chuig an mol lárnach agus beidh cead ag daoine ansin an t-ábhar maoinithe a roinnt nó a úsáid ar an mol faoi réir rialacha sannta.

Áirítear orthu sin ceanglais sannta amhail:

- ainm agus lógó fhaighteoir an deontais;



- ainm na n-údar/na rannpháirtithe ar an ábhar seirbhíse poiblí;
 - nasc inrochtana (má fhoilsíodh nó má cuireadh ar fáil ar líne) chuig an alt bunaidh; agus
 - aon ábhar eile a mheasann Coimisiún na Meán a bheith cuí.
- e) **Rochtain**
Beidh an t-ábhar a mhaoinítear faoin scéim mhaoinithe seo ar fáil go poiblí agus inrochtana ag gach duine.
Áireofar sa treoirchoiméadacht le haghaidh babhta cistiúcháin sonraí faoi na hoibleagáidí maidir le hinrochtaineacht ábhair chistithe ar fud na n-ardán uile.
- f) **Eisiaimh**
Ní bheidh maoiniú ar fáil chun na nithe seo a leanas a mhaoiniú:
- Gníomhaíochtaí nach mbaineann go díreach le hábhar breise iriseoireachta ar mhaithe le leas an phobail a chruthú maidir le cúrsaí nuachta;
 - Gníomhaíochtaí nuachta reatha/BAU;
 - Ceannach trealaimh nó áitribh (maoiniú caipitiúil);
 - Dímhéas.

3.4 Rochtain Phoiblí ar Chláir Mhaoinithe

Tá rochtain poiblí ar iriseoireacht ar mhaithe le leas an phobail a mhaoinítear faoin scéim mar chuid de na príomhchuspóirí agus san fhadtárma, beidh gach iriseoireacht ar mhaithe le leas an phobail a mhaoinítear ar fáil agus curtha i gcartlann, agus beidh rochtain ag cách uirthi ar thairseach lárnach a oibrítear thar ceann an Choimisiúin.

4. Maoiniú

Sonraítear sa rannán seo an cur chuige maidir le dámhachtainí maoinithe faoin scéim. Leagtar béim ann freisin ar oibleagáidí an Choimisiúin faoi Rialacha an AE maidir le Státchabhair agus ar an oibleagáid atá ar dheontaithe aitheantas a thabhairt d'fhoinsé an chistithe.

Tá dhá cheist comhairliúcháin don roinn seo, a chuirtear i láthair ag an deireadh.

4.1 Leithdháileadh Cistí laistigh den Scéim Tuairiscithe Nuachta

Leithdháilfear cistí ar bhonn náisiúnta agus bronnfar iad, ar bhonn inchoimhlinte, ar iarratais a chomhlíonann na critéir incháilitheachta agus atá ag teacht le haidhmeanna agus cuspóirí na Scéime.

Tacóidh an maoiniú le tograí a chomhlíonann cineál téamach, dírithe ar ábhar na Scéime. Tabharfar aird chuí freisin ar thograí cruthaitheacha agus nuálacha faoi bhratach leathan an chláir nuachta nach ndéantar foráil maidir leis go substaintiúil, nó nach ndéantar foráil maidir leis go leordhóthanach, faoi láthair.

Spreagtar comhoibriú idir soláthraithe seirbhíse meán agus tabharfar aird chuí air.

Déanfar breithniú faoin Scéim ar ábhair nuachta náisiúnta agus réigiúnacha/áitiúla nach ndéantar foráil dóibh faoi láthair.



Beidh aird ag iolrachas na bhfoinsí ar leibhéal foriomlán an chistithe a dhámhtar ar aon réimse soláthraithe seirbhíse meán amháin agus sa chomhthéacs sin, féadfaidh An Coimisiún bearta iomchuí a dhéanamh chun teorainn a chur le leibhéal foriomlán an chistithe a dhámhtar ar aon soláthraí seirbhíse meán amháin a bhfuil roinnt eagraíochtaí meán aige.

4.2 Cineálacha Deontas

Beidh an tsolúbthacht ag an gCoimisiún cinneadh a dhéanamh, ar bhonn cás ar chás, maidir leis an gcur chuige is iomchuí i leith leithdháileadh cistiúcháin ar iarratasóirí deontais agus beidh sé de rogha aige cistiú a dhámhachtain, de réir mar is cuí leis.

Go ginearálta, leithdháilfidh An Coimisiún deontais faoin Scéim Tuairiscithe Nuachta arb ionann iad agus 100% de chostais incháilithe na hiriseoireachta beartaithe agus costais eagarthóireachta agus forchostais a bhaineann go díreach leo.

Foilseofar treordhoiciméadú le haghaidh gach babhta maoinithe agus áireofar ann faisnéis mhionsonraithe ar leibhéal na ndámhachtainí deontais agus ar theimpléid bhuiséid ina leagtar amach na costais cheadaithe faoin Scéim.

4.3 Oibleagáidí faoi Rialacha an AE maidir le Státchabhair

Ní mór don Choimisiún an scéim cistiúcháin a oibriú i gcomhréir le ceanglais Rialacha an Aontais maidir le Státchabhair agus tá Cinneadh SGEI (2012/21/AE) á chur i bhfeidhm aige. Áirítear leis na ceanglais chomhlíonta trédhearcacht iomlán amháil dámhachtainí maoinithe a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin Choimisiún na Meán agus an Scéim a chur san áireamh i dtuarascáil a chuirtear faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh gach dhá bhliain. Tá an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta chun tosaigh ar an tuarascáil seo agus déanfaidh an Roinn comhordú ar fhaisnéis a fhaightear ar ais ón gCoimisiún ina leith sin.

De bhreis ar Airteagal 8 den Chinneadh maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta, ní mór don Choimisiún an fhaisnéis uile is gá a choinneáil maidir le dámhachtain cistiúcháin le haghaidh na tréimhse cistiúcháin agus ina dhiaidh sin, ar feadh 10 mbliana ina dhiaidh sin chun a áirithiú gur féidir leis an gCoimisiún imscrúdú a dhéanamh ar dheontas nó ar dheontais chun comhoiriúnacht leis an gcinneadh maidir le seirbhís lena ngabhann leas eacnamaíoch ginearálta a chinneadh.

4.4 Babhtaí Maoinithe

Leithdháilfidh an Coimisiún maoiniú trí chóras babhtaí maoinithe inchoimhlinte a úsáid. Braithfidh líon na mbabhtaí maoinithe ar raon fachtóirí, lena n-áirítear maoiniú a bheith ar fáil agus atriailta na Scéime amach anseo.

4.5 Admháil Maoiniú

Ceanglaítear ar iarratasóirí a fhaigheann maoiniú ón gCoimisiún, de réir conartha, aitheantas foirmiúil a thabhairt don tacaíocht sin i bhformáid atá inghlactha ag an gCoimisiún. Forchoimeádann An Coimisiún an ceart treoirínte a eisiúint d'iarratasóirí ina sonraítear ceanglais bheachta ina leith sin.



5. Iarratas, Measúnú agus Dámhachtainí

Leagtar amach sa rannán seo an cur chuige maidir leis an bpróiseas iarratais agus measúnaithe don scéim agus sainaithnítear ann na príomhphrionsabail a chuireann bonn eolais faoi na próisis sin.

Is é príomhchúram an Choimisiúin go bhfuil na próisis iarratais, mheasúnaithe agus dhámhachtana trédhearcach, cothrom agus infhíoraithe. Tá prionsabail leathana comhaontaithe agus feidhmithe ag an gCoimisiún maidir leis na próisis seo ar fud scéimeanna maoinithe mar atá leagtha amach thíos.

Cuirfidh an Coimisún faisnéis maidir leis na próisis agus na nósanna imeachta chun iarratais a dhéanamh, an próiseas measúnaithe, conraitheoireacht agus eisíocaíochtaí ar fáil go poiblí.

5.1 An Próiseas Iarratais

Foilseoidh an Coimisiún faisnéis maidir le gníomhaíochtaí maoinithe atá ar na bacáin agus beidh an méid seo a leanas san áireamh ann: sonraí maidir le conas aighneachtaí a dhéanamh, faisnéis incháilitheachta, tráthchlár iarratais, sonraí faoi chritéir mheasúnaithe agus faisnéis fhorlíontach eile de réir mar a mheastar a bheith iomchuí.

5.2 An Próiseas Measúnaithe

Tá na ceithre chéim fhéideartha seo a leanas sa phróiseas measúnaithe don Scéim Tuairiscithe Nuachta:

5.2.1 Réamh-mheastóireacht

Cinntíonn an réamh-mheastóireacht go bhfuil iarratasóir incháilithe le haghaidh maoinithe faoin scéim. Is é an fócas anseo ná a chinntiú go bhfuil na critéir fosta comhlíonta ag iarratasóirí agus go bhfuil na doiciméid riachtanacha go léir curtha isteach acu. Díchálítear aon iarratais nach n-éiríonn leo sa chéim réamh-mheastóireachta agus níl siad faoi réir tuilleadh breithnithe.

5.2.2 Measúnú Cáilíochtúil

Déantar measúnú ar gach iarratas ar a fhiúntas féin i gcomhthéacs na gcritéir measúnaithe a leagfar amach i ndoiciméid treorach an Choimisiúin a fhoilseofar chun iarratasóirí ionchasacha a chur ar an eolas agus chun tacú leo agus aighneacht a déanamh acu chuig an Scéim Tuairiscithe Nuachta.

5.2.3 Measúnú Straitéiseach

I gcásanna ina bhfuil níos mó iarratas cáilitheach ná cistí ar fáil, beidh an dara céim mheastóireachta ag an gCoimisiún. Díreoidh sé seo ar chothromaíocht a bhaint amach i bpacáiste foriomlán na dtionscadal maoinithe i gcomhthéacs chuspóirí na scéime. Déanfar na moltaí ón gcéim cháilíochtúil a mheas anseo freisin. Cuirtear na moltaí deiridh faoi bhráid na gCoimisinéirí ansin lena ndaingniú.

5.2.4 Daingniú foirmiúil

Ag an gcéim dheiridh, daingníonn Coimisiún na Meán an pacáiste foriomlán iarratas atá molta le haghaidh maoinithe maidir le cuspóirí an bhabhta maoinithe a chomhlíonadh.

5.3 Próiseas na Dámhachtana

Sa chás go bhfuil iarratas ar mhaoiniú ceadaithe ag an gCoimisiún, tá feidhm ag na céimeanna seo a leanas:

- i. Cuireann an Coimisiún an t-iarratasóir ar an eolas faoin gcinneadh, agus leagann sé amach aon choinníoll/coinníollacha a ghabhann leis an tairiscint.



- ii. Cuirfidh an Coimisiún liosta de na tairiscintí maoinithe atá daingnithe ag na Coimisinéirí ar fáil don phobal.
- iii. Ní mór don iarratasóir a n-éireoidh leo a dheimhniú go nglacann sé/sí leis an tairiscint ar mhaoiniú agus le haon choinníoll/coinníollacha a ghabhann leis sin ón gCoimisiún.
- iv. Ceanglaítear ar iarratasóir rathúil comhaontú conarthach a dhéanamh leis an gCoimisiún, ar théarmaí atá le sonrú ag an gCoimisiún. Áirítear ar théarmaí den sórt sin sceideal a bhaineann le tarraingt anuas cistí ag an iarratasóir. Riarann an Coimisiún cistí i gcomhréir le téarmaí an chomhaontaithe chonarthaigh.

I gcás inar dhiúltaigh An Coimisiún d'iarratas ar mhaoiniú, tugtar fógra d'iarratasóirí ina n-aonar agus tugtar aiseolas dóibh maidir le feidhmíocht a n-iarratais sa phróiseas measúnaithe.

Forbróidh an Coimisiún córas pointí caighdeánaithe chun bonn eolais a chur faoin meastóireacht ar iarratais, agus faoin aiseolas a thugtar d'iarratasóir.

6. Scóip na Scéime Thuairiscithe Nuachta

Mar a fhoráiltear faoi Thuarascáil FoMC, tá an Scéim Thuairiscithe Nuachta á bunú ar bhonn píolótach ar feadh tréimhse tosaigh 12 mhí agus déanfaidh An Coimisiún athbhreithniú ar oibriú, éifeachtacht agus tionchar na Scéime ar chríochnú na céime píolótaí seo agus cuirfidh sé tuarascáil i scríbhinn faoi bhráid an Aire maidir leis an athbhreithniú.

Cuirfidh an mheastóireacht seo ar an scéim píolótach bonn eolais faoi fhorbairt beartais ar atriallta na Scéime amach anseo.

